



SCOIL NAOMH GOBNAIT

Dún Chaoin

Trá Lí
Co. Chiarraí
V92 NY00

3ú Márta 2025

A Thuismitheoirí, a Chairde,

Faigh iniata leis an litir seo foirm clárúcháin scoile. Más ea go bhfuil sé i gceist agat do leanbh a chlárú linn don scoil bhliain seo chugainn 2024/25, bíodh an fhoirm seolta chugainn roimis an Aoine 11ú d'Aibreáin led bhúr dtoil. Bheinn buíoch dá gcuirfeadh sibh scéal chugham má tá aon athrú ar bhúr bplean idir an dá linn.

Mar eolas díobh tá Scoil Náisiúnta Naomh Gobnait ag feidhmiú mar scoil Ghaeltachta agus ag dul tríd an próiséis Scéim Aitheantais do Scoileanna Ghaeltachta. Mar chuid den bpróiséis sin tá critéir áirithe riachtachanach sa scoil, san áireamh bíonn tumoideachais lán-Ghaelainne i Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra. Ní mhúinfear aon Bhéarla dos na leanaí go dtí Rang a 1. Comh maith le sin, is í an Ghaelainn teanga shóisialta, cumarsáide agus riaracháin na scoile agus iarrfaimid ar thuismitheoirí cabhrú linn í seo a chur i bhfeidhm agus an Ghaelainn a labhairt leis na leanaí laistigh agus lasmuigh den gcóras scoile. Beidh comhfhreagras na scoile ar fad trí mheán na Gaelainne.

Tar éis d'fhoirm a fháil seolfaimid amach féilire agus leabhar liosta don bhliain seo chugainn amach anseo.

Má tá aon cheist agaibh faoin litir seo nó an fhoirm, tá míle fáilte romhat glaoch orm ar an scoil 087-4832512 nó ríomhphost a sheoladh go dtí scoildhunchaoin.ias@gmail.com.

Le gach dea-ghuí,

Malacháí Mac Amhlaoibh
Príomhoide